2024/3248

31.12.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/3248 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Nollaig 2024

lena n-athosclaítear an t-iascach le haghaidh deargán in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 9 ag soithí atá faoi bhratach na Portaingéile, trí Rialachán (AE) 2024/1949 ón gCoimisiún a aisghairm

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2024.

(2) An 14 Meitheamh 2024 thug an Phortaingéil fógra don Choimisiún, de bhun Airteagal 35(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, faoina cinneadh toirmeasc a chur ar iascaireacht a dhéanamh ar dheargáin in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 9 ón 19 Meitheamh 2024.

(3) Le Rialachán (AE) 2024/1949 ón gCoimisiún ([3]), cuireadh toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar dheargáin in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 9 i gcás soithí atá faoi bhratach na Portaingéile.

(4) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún an 4 Samhain 2024 ó údaráis na Portaingéile, tá cainníocht ar fáil arís don Phortaingéil le haghaidh chuóta an stoic sin tar éis malartuithe deiseanna iascaireachta arna dtabhairt i gcrích faoi Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Dá bhrí sin, ba cheart an t-iascach le haghaidh deargán in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 9 ag soithí atá faoi bhratach na Portaingéile nó atá cláraithe sa Phortaingéil a athoscailt go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

(5) Ba cheart éifeacht a bheith ag athoscailt an iascaigh sin an 6 Samhain 2024, chun go bhféadfar an chainníocht deargán atá i gceist a iascach roimh dheireadh na bliana atá ann faoi láthair.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1949 a aisghairm le héifeacht ón 6 Samhain 2024.

(7) Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh, mar go bhfuil cuóta ar fáil arís le haghaidh an stoic sin.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/194/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2024/1949 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2024 lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh deargán in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 9 i gcás soithí faoi bhratach na Portaingéile (IO L, 2024/1949, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1949/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athosclaítear an t-iascach le haghaidh deargán in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 9 le haghaidh shéasúr iascaireachta 2024 ag soithí atá faoi bratach na Portaingéile nó atá cláraithe sa Phortaingéil dá dtagraítear san Iarscríbhinn.

Aisghairtear Rialachán (AE) 2024/1949.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 6 Samhain 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Costas KADIS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	06/TQ194 — Athoscailt
An Ballstát	An Phortaingéil
Stoc	SBR/09-
Speiceas	An deargán (*Pagellus bogaraveo*)
Limistéar	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 9
Dáta an iaimh	19 Meitheamh 2024
Dáta AthoscailtE	an 6 Samhain 2024